# Cúirt an Ṁeán Oíċe

ba ġnâṫ mé ag siúl le ciuṁais na habann
ar bâinseaċ ûr is an drûċt go trom,
In aice na gcoillte, i gcoim an tslé',
gan ṁairg, gan ṁoill, ar ṡoilse an lae.
do ġealaḋ mo ċroí nuair ċínn loċ gréine,
an talaṁ, an tír, is íor na spéire;
taitneaṁaċ aoibinn suíoṁ na sléibte
ag bagairt a gcinn ṫar ḋroim a ċéile.
do ġealfaḋ an croí beaḋ críon le cianta,
Caite gan brí, nó líonta de ṗianta,
an séiṫleaċ searb gan sealb gan saibreas
d'ḟéaċfaḋ tamall ṫar barra na gcoillte
ar laċain 'na scuainte ar ċuan gan ċeo
'S an eala ar a bfuaid 's í ag gluaiseaċt leo;
na héisc le meiḋir ag éirí in airde,
péirse im raḋarc go taibseaċ tarrbreac,
dlaṫ an loċa agus gorm na dtonn
ag teaċt go tolgaċ torannaċ trom.
bíoḋ éanlaiṫ i gcrainn go meiḋreaċ môṁar
Is léimneaċ eilte i gcoillte im ċôngar,
géimreaċ aḋairce is raḋarc ar ṡlôite,
Trêanriṫ gaḋar is Reynard rômpu.
Trêanriṫ gaḋar is Reynard rômpu.